An Rialálaí Carthanas
Charities Regulator

Foirm dhlíthiúil carthanais a athrú

Nóta faisnéise

Réamhrá

Tá roinnt mhaith cúiseanna ann a mbeidh carthanas ar cumann é ag iarraidh a fhoirm dhlíthiúil a athrú chun éirí ina chuideachta. I bhformhór na gcásanna, beidh fás tagtha ar an gcumann le himeacht ama, agus beidh na hiontaobhaithe carthanais ag iarraidh leas a bhaint as roinnt de na tairbhí a ghnóthaíonn cuideachtaí, amhail dliteanas teoranta.

Níl aon phearsantacht dhlítheanach ag carthanas ar cumann é. Ciallaíonn sé sin nach bhféadfaidh sé idirbhearta a dhéanamh as féin ná conarthaí a dhéanamh ina ainm féin. Ina ionad sin, ní mór do na hiontaobhaithe carthanais go léir – ar a dtugtar comhaltaí coiste, comhaltaí boird nó stiúrthóirí freisin – nó roinnt díobh idirbhearta a dhéanamh thar ceann an charthanais. Mar shampla, má tá cumann ABC, ar carthanas é, ag iarraidh soláthróir TF a chonrú chun seirbhísí TF a sholáthar, ní mór don chonradh a bheith in ainm na n-iontaobhaithe carthanais. Ní fhéadfaidh an conradh a bheith in ainm chumann ABC. Ós rud é go bhfuil an conradh idir na hiontaobhaithe carthanais agus an soláthróir TF, tá na hiontaobhaithe carthanais faoi dhliteanas pearsanta i leith aon chaillteanas airgeadais a thiocfaidh chun cinn. Féadfaidh cuideachta conarthaí a dhéanamh aisti féin, áfach.

Toradh eile atá ar an struchtúr dlíthiúil níos foirmiúla atá ar charthanas ar cuideachta é is ea gur féidir leis cabhrú le húinéireacht sócmhainní agus cuntas bainc a dhéanamh níos in-sainaitheanta.

Na nithe atá le breithniú

Má tá do charthanas ag smaoineamh faoina fhoirm dhlíthiúil a athrú ó chumann ina cuideachta, tá roinnt pointí tábhachtacha le breithniú agus an cinneadh sin á dhéanamh.

Iarratas a dhéanamh ar an gcuideachta a chlárú mar charthanas

Beidh an chuideachta ina heintiteas dlítheanach a bheidh ar leithligh ón gcumann. Mar thoradh air sin, beidh ar an gcuideachta nua iarratas a dhéanamh ar chlárú mar charthanas agus a huimhir charthanais chláraithe féin a fháil ón Rialálaí Carthanas sula bhféadfar aon sócmhainní nó aon ghníomhaíochtaí de chuid an charthanais a aistriú ón gcumann chuig an gcuideachta.

Comhlíonadh a chinntiú

Tá an dualgas atá orthu sócmhainní an charthanais a chosaint á shárú ag iontaobhaithe carthanais má aistríonn siad sócmhainní carthanais chuig eintiteas nach carthanas cláraithe é, agus féadfar iad a chur faoi dhliteanas pearsanta i leith aon chaillteanas airgeadais a thabhóidh an carthanas.

Impleachtaí cánach a bhreithniú

Is féidir iarmhairtí cánach a bheith ann freisin i gcás go n-aistrítear sócmhainní chuig eintiteas nach bhfuil díolúine charthanúil chánach aige (is é sin, uimhir charthanais arna heisiúint ag na Coimisinéirí Ioncaim). Mar aon lena huimhir charthanais chláraithe féin a fháil, beidh ar an gcuideachta nua a huimhir charthanais féin a fháil ó na Coimisinéirí Ioncaim agus cuntas bainc nua nó cuntais bhainc nua a bhunú. Ní fhéadfar aon cheann de na nithe sin a aistriú ón gcumann chuig an gcuideachta nua.

Fostaithe a aistriú

Ní mór a bheith cúramach freisin nuair a aistríonn fostaithe de chuid cumainn chuig cuideachta. Ba cheart comhairle ghairmiúil chuí a fháil chun a chinntiú go gcomhlíonfar oibleagáidí an charthanais i leith a fhostaithe.

Cuntas a thabhairt ar chostais bhunaithe

Gabhann costais le cuideachta nua a bhunú.

An ceanglas comhdúcháin a thuiscint

Murab ionann agus cumann, ní mór do charthanas ar cuideachta é comhduithe a dhéanamh leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí, ar leithligh ó na comhduithe nach mór do charthanas a chur faoi bhráid an Rialálaí Carthanas agus de bhreis ar na comhduithe sin.

Na dualgais bhreise atá ar iontaobhaithe

I gcás gur cuideachta é an carthanas, is amhlaidh, faoi dhlí na gcuideachtaí agus faoin dlí coiteann, atá dualgais bhreise ar iontaobhaithe carthanais ar stiúrthóirí ar an gcuideachta iad freisin. Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi na freagrachtaí atá ar stiúrthóirí cuideachta, féach suíomh Gréasáin an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach.

Cineál cuideachta

Is í cuideachta faoi theorainn ráthaíochta an cineál cuideachta is coitianta i measc carthanas. Is cineál cuideachta nach bhfuil aon scairchaipiteal aige é sin. Seachas scairshealbhóirí a bheith aici a d'infheistigh airgead sa chuideachta trí scaireanna a cheannach, is ag cuideachta faoi theorainn ráthaíochta atá comhaltaí nach bhfuil aon leas eacnamaíoch acu sa chuideachta. Tá na cearta atá ag comhaltaí leagtha amach in Achtanna na gCuideachtaí agus i ndoiciméad rialaithe na cuideachta. Ní mór soiléire a bheith ann maidir le cé hiad na comhaltaí den chuideachta nua, toisc go bhfuil sé de chumhacht acu i bhformhór na gcásanna na stiúrthóirí a bheidh ina n-iontaobhaithe de chuid an charthanais a cheapadh. Ceanglaítear ar chuideachta clár comhaltaí a choimeád, ar clár é a dtaifeadtar comhaltaí nua ann agus a mbaintear iarchomhaltaí de.

An Clár Carthanas

Is féidir go mbeidh tréimhse ghearr ama ann ina mbeidh an cumann agus an chuideachta araon ar an gClár Carthanas chun an t-aistriú sócmhainní a éascú. A luaithe a bheidh an chuideachta nua cláraithe leis an Rialálaí Carthanas, agus a luaithe a bheidh na sócmhainní agus na gníomhaíochtaí uile aistrithe, ní mór an cumann a dhíscaoileadh agus ní mór gach cuntas bainc atá ina sheilbh ag an gcumann a dhúnadh.

Comhairle ghairmiúil

Ba cheart d'iontaobhaithe carthanais atá ag smaoineamh faoi athrú ó chumann ina gcuideachta breithniú a dhéanamh ar chomhairle ghairmiúil a fháil chun bonn eolais a chur faoin gcinneadh uathu maidir le corprú, chun gaistí féideartha a sheachaint, agus chun tacaíocht a fháil le linn an phróisis, go háirithe i gcás go bhfuil maoin nó fostaithe i gceist.

Tá treoir maidir le carthanas a chlárú agus maidir le carthanas a fhoirceannadh ar fáil ó shuíomh Gréasáin an Rialálaí Carthanas.

Na príomhchéimeanna i dtreo d'fhoirm dhlíthiúil a athrú

Is iad seo na príomhchéimeanna atá i gceist le cumann a athrú ina chuideachta:

1. Ba cheart cruinniú de chuid chomhaltaí an chumainn a thionól chun aon chinneadh chun an cumann a fhoirceannadh agus chun cuideachta a bhunú a phlé agus a cheadú.

2. Ba cheart aon chinneadh den sórt sin a thaifeadadh i miontuairiscí an chruinnithe, mar aon le haon chinneadh maidir le comhairle ghairmiúil a fháil.

3. Cuideachta nua a bhunú leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí. Is gá go mbeidh bunreacht na cuideachta nua i gcomhréir leis an dlí carthanas agus le ceanglais an Rialálaí Carthanas.

4. Iarratas ar stádas carthanúil don chuideachta nua a chur faoi bhráid an Rialálaí Carthanas. Beidh sé riachtanach cóip den rún lena bhfoirceanntar an cumann a chur isteach mar chuid den iarratas.

5. Breithneofar an t-iarratas comhlánaithe, agus cinnfidh an Rialálaí Carthanas cé acu a dheonóidh sé clárú nó a dhiúltóidh sé dó. Is féidir go dtógfaidh sé sin tamall maith. Níor cheart aon sócmhainní ná aon ghníomhaíochtaí a aistriú chuig an gcuideachta nua sula gclárófar an chuideachta nua leis an Rialálaí Carthanas agus sula n-eiseofar an uimhir charthanais chláraithe don chuideachta nua.

6. Nuair a bheidh próiseas clárúcháin an Rialálaí Carthanas curtha i gcrích ag an gcuideachta nua, féadfaidh sí iarratas a dhéanamh ar uimhir charthanais chuig na Coimisinéirí Ioncaim, más gá.

7. Féadfaidh an cumann tosú ansin ar shócmhainní, fostaithe agus gníomhaíochtaí an charthanais a aistriú chuig an gcuideachta ar aon dul le haon chomhairle ghairmiúil a fuarthas.

8. A luaithe a bheidh an t-aistriú curtha i gcrích, ní mór an cumann a dhíscaoileadh ar aon dul leis an rún a ritheadh le haghaidh an fhoirceanta agus ar aon dul le haon rialacha atá leagtha amach ina dhoiciméad rialaithe, agus ní mór cuntais bhainc an chumainn a dhúnadh. Sa treoir uainn maidir le carthanas a fhoirceannadh, tugtar faisnéis faoi conas a fhéadfar carthanas a fhoirceannadh.

9. Ba cheart an uimhir charthanais atá ag an gcumann leis na Coimisinéirí Ioncaim a chealú.

10. Ba cheart fógra a thabhairt don Rialálaí Carthanas go bhfuil an cumann á fhoirceannadh trí Fhoirm um Dhíchlárú Deonach a chur isteach trí 'Mo Chuntas', tairseach custaiméirí an Rialálaí Carthanas.

An Rialálaí Carthanas
Charities Regulator

Uimhir Thagartha an Doiciméid: Foirm dhlíthiúil carthanais a athrú – Rev 000

An Rialálaí Carthanas
3 Duga Sheoirse
LSAI Baile Átha Cliath 1
D01 X5X0

Teileafón: 01 633 1500

www.charitiesregulator.ie

© An Rialálaí Carthanas 2024